Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 31 Deireadh Fómhair 2023**
**(OR. en)**

**14702/23**

**EDUC 404**
**GENDER 195**
**JEUN 248**
**EMPL 513**
**DIGIT 236**
**SOC 723**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Mná a mhealladh chun na heolaíochta, na teicneolaíochta, na hinnealtóireachta, na n-ealaíon agus na matamaitice (STEAM)<br>- *Díospóireacht bheartais* |

Tar éis di dul i gcomhairle leis an gCoiste Oideachais, d'ullmhaigh an Uachtaránacht an nóta cúlra atá i gceangal leis seo, a bheidh mar bhonn don díospóireacht bheartais a thionólfar ag an gComhairle Oideachais, Óige, Cultúir agus Spóirt, an 23 Samhain 2023.

**IARSCRÍBHINN**

**Mná a mhealladh chun na heolaíochta, na teicneolaíochta, na hinnealtóireachta, na n-ealaíon agus na matamaitice (STEAM)**

*Nóta cúlra ón Uachtaránacht*

Is gné ríthábhachtach é an claochlú teicneolaíoch i dtaca le dul chun cinn eacnamaíoch agus sóisialta san Aontas Eorpach (AE) agus ar fud na cruinne. Ag an am céanna, is cinnte go mbeidh tionchar urghnách ag forbairt na hintleachta saorga i dtodhchaí atá buailte orainn cheana. Dá bhrí sin, tá méadú ag teacht ar an éileamh ar níos mó gairmithe le próifílí STEAM san earnáil monaraíochta agus i margadh an tsaothair araon[1]. Tá sé de chúram ar na córais oideachais agus oiliúna aghaidh a thabhairt ar an éileamh sin. Chun dúshláin a thiocfaidh chun cinn sa todhchaí a shárú, beidh gá an tallann atá inár ndaoine óga go léir a mhúscailt. Mar sin féin, tá líon suntasach - go háirithe cailíní agus mná óga – fós ag roghnú conairí oiliúna nach mbaineann leis an eolaíocht ná an teicneolaíocht.

[1] Mar a léirítear sa teideal, is acrainm é STEAM le haghaidh na hEolaíochta, na Teicneolaíochta, na hInnealtóireachta, na nEalaíon agus na Matamaitice. Tá an A san áireamh sa cháipéis seo, agus é ag seasamh do na healaíona, an nuálaíocht agus an chruthaitheacht, agus glactar leis an bhfís níos lánpháirtithe a bhí ag Scoil Dearthóireachta Oileán Rhode in 2010, ina raibh ról níos lárnaí ag an gcruthaitheacht ar mhaithe le fiosracht agus nuálaíocht a fhorbairt agus réitigh éagsúla a chuardach.

Léirítear sna staitisticí is déanaí go bhfuil steiréitíopaí inscne fós ann san oideachas[2]. Mar shampla, i measc chomhaltaí na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE)[3], tháinig méadú suntasach ar líon na mban a bhfuil oideachas treasach orthu; go deimhin, i bhformhór na dtíortha, is iad atá mar thromlach cheana féin. Tá cion na mban sna réimsí a bhaineann leis an oideachas (80 %), an tsláinte (80 %) agus na heolaíochtaí sóisialta (70 %) sách cobhsaí ó 2005 i leith. Mar sin féin, idir 2005 agus 2020, is ar éigean a tháinig athrú ar chéatadán na n-innealtóirí ar mná iad, a d'fhan ag thart ar 25 %. Is cúis imní é, áfach, gur tháinig laghdú trí phointe céatadáin ar líon na gcéimithe ban i réimsí a bhaineann le TFC, agus nach seasann sé ach do 20 % den líon iomlán inniu.

Ní mór an éagothroime idir mic léinn agus iníonacha léinn sna réimsí éagsúla STEAM a chur ina gceart má táimid chun an bhearna inscne san fhostaíocht a laghdú. Tá an staid níos measa de bharr go bhfuil baol níos mó ann go n-éireoidh mná óga neamhghníomhach (le hais na bhfear) mar gheall ar fhreagrachtaí cúraim, mar shampla, aire a thabhairt do leanaí nó do dhaoine fásta cleithiúnacha, nó freagrachtaí pearsanta nó teaghlaigh eile[4]. Dá bhrí sin, molann an Chomhairle do na Ballstáit na tairiscintí fostaíochta a ailíniú le prionsabail ábhartha Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, lena n-áirithítear cóir chomhionann agus deiseanna comhionanna idir mná agus fir i ngach réimse.

---

[2] Brussino, O. and McBrien, J. (2022), *Gender stereotypes in education: Policies and practices to address gender stereotyping across OECD education systems, OECD Education Working Papers, No. 271* [Páipéir Oibre Oideachais ECFE, Uimh. 271], *OECD Publishing*, [Foilsitheoireacht ECFE], Páras.

[3] Encinas-Martín, M. and Cherian, M. (2023), *Gender, Education and Skills: The Persistence of Gender Gaps in Education and Skills, OECD Skills Studies* (Staidéir Scileanna ECFE), *OECD Publishing* (Foilsitheoireacht ECFE), Páras.

[4] Moladh an 30 Deireadh Fómhair 2020 ón gComhairle maidir le Droichead chun na Fostaíochta – Ráthaíocht don Aos Óg a Threisiú agus a chuirtear in ionad Mholadh an 22 Aibreán 2013 ón gComhairle maidir le Ráthaíocht don Aos Óg a bhunú (IO C 372, 4.11.2020, lch. 1).

Leagann Comhairle an Aontais Eorpaigh cuid mhór béime ar chothromas, ar chuimsiú agus ar chur chun cinn gairmeacha i réimsí STEAM. Dá bhrí sin, beidh íogaireacht ó thaobh inscne sna próisis foghlama agus in institiúidí oideachais agus oiliúna, agus steiréitíopaí inscne á gceistiú agus á gcealú, mar chuid den oideachas agus den oiliúint chuimsitheach, go háirithe na steiréitíopaí sin a chuireann srian ar bhuachaillí agus ar chailíní agus a réimse staidéir á roghnú acu[5].

Sa lá atá inniu ann, tá deacrachtaí móra ag an earnáil déantúsaíochta freagairt a thabhairt ar éilimh ghairmithe STEAM. Tá níos mó daoine, idir fhir agus mhná, a bhfuil oiliúint orthu sna réimsí sin, de dhíth ar gach tír. Chabhrófaí go mór leis an bhfadhb dá mbeadh líon na mban a théann leis na gairmeacha sin comhionann le líon na bhfear a dhéanann amhlaidh.

Ní hamháin gur riachtanas morálta é an comhionannas inscne, ach is gné fhíorthábhachtach é freisin chun geilleagair níos láidre, níos inbhuanaithe agus níos cuimsithí a chruthú. Tuigeann tíortha an Aontais go maith an dúshlán atá ann dár gcórais oideachais agus oiliúna, agus le fírinne, do dhul chun cinn agus forbairt ár dtíortha, de bharr na staide reatha. Aithníonn siad freisin nach bhfuil na torthaí a rabhthas ag súil leo le feiceáil tar éis an iliomad tionscnamh a bheith curtha chun feidhme. Ceann de na dúshláin mhóra a bhaineann lenár gcórais oideachais agus oiliúna i gcónaí is ea spéis na gcailíní agus na mban óg a spreagadh i réimsí STEAM ar gach leibhéal oideachais agus oiliúna - go háirithe san ardoideachas, lena n-áirítear gairmoideachas agus gairmoiliúint agus oideachas ollscoile. Má éiríonn linn é sin a dhéanamh, chabhrófar le deireadh a chur leis an deighilt san fhostaíocht. Thairis sin, cuirfidh rannpháirtíocht na mban feabhas ar an bhfreagairt ar riachtanais mhargadh an tsaothair agus, i ndeireadh na dála, cothófar forbairt eacnamaíoch agus shóisialta inár dtíortha.

---

5 Rún ón gComhairle maidir le creat straitéiseach le haghaidh comhar Eorpach san oideachas agus san oiliúint i dtreo an Limistéir Eorpaigh Oideachais agus níos faide anonn (2021-2030) (IO C 66, 26.2.2021, lch. 1).

I bhfianaise an mhéid thuas, iarrann an Uachtaránacht ar na hairí a marana a dhéanamh ar na ceisteanna thíos chun an t-ábhar a phlé.

**Na ceisteanna atá le plé:**

- Cad iad na dúshláin is mó, dar leat, a bhaineann leis an mbearna idir na hinscní a laghdú i ndisciplíní STEAM?
- Cad iad na tionscnaimh a d'fhéadfaí a sheoladh, sa chomhthéacs náisiúnta agus sa chomhthéacs Eorpach araon, chun mná a mhealladh chuig réimsí oideachais agus oiliúna STEAM?